

Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE: fianaise le haghaidh cinntí

Le sonraí cruinne atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de agus atá íogair ó thaobh inscne de, cabhraítear leis an tionchar atá ag beartais a rianú agus léirítear na háiteanna inar gá níos mó a dhéanamh chun bearnaí inscne a dhúnadh.

Leis an mBunachar Sonraí Staitisticí Inscne, tugtar léargas cruinn ar na difríochtaí atá ann idir mná agus fir i ngach réimse den saol agus cabhraítear le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo comhionannas inscne a bhaint amach i ngach beartas de chuid an Aontais Eorpaigh.

Leabharmharcáil an Bunachar Sonraí i do bhrabhsálaí! Is é seo an fáth:

►►► Foinse ilfhreastail

Tá an Bunachar Sonraí ina fhoinsé ilfhreastail do staitisticí inscne ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais. Cuirtear na sonraí atá ar fáil ó thíortha Eorpacha eile i láthair ann freisin.

►►► Rochtain éasca

Tá sé úsáideach do shaineolaithe agus do dhaoine nach saineolaithe iad araon ar féidir leo na sonraí bunaidh a chuardach go héasca tapa agus na táblaí agus na fíoracha a bhaint le haghaidh tuilleadh anailíse. Is féidir leis an úsáideoir an suíomh gréasáin a úsáid chun fíoracha difriúla, amhail barrachairteacha agus amshraitheanna, a chruthú agus a chur in oiriúint dó nó di féin freisin.

►►► Cothrom le dáta

Ráthaítear leis an mBunachar Sonraí rochtain ar na sonraí is déanaí atá ar fáil, ar sonraí iad atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de agus lena gcuirtear síos ar staid na mban agus na bhfear sa tsocháí.

Labhraíonn Sonraí!

Bíonn scéalta spéisiúla le baint as staitisticí inscne.

Nuair a fhoilsímid tacair shonraí thábhachtacha, insímid na scéalta sin i gcoimrí staitistiúla sothuigthe ina léirítear na treochotha is déanaí ar fud na mBallstát den Aontas. Léirítear iontu freisin na difríochtaí atá ann idir na Ballstáit den Aontas agus tíortha Eorpacha eile.

Caith súil ar gach eagrán de Data Talks anseo!



Cláraigh anseo!



Baineann institiúidí an Aontais úsáid as an mBunachar Sonraí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i réimse an chomhionannais inscne, luaitear i dtaighde acadúil é, agus is foinse iontaofa é d'iriseoirí ar fud an Aontais.

Seo a leanas na nithe a dúirt úsáideoirí Bhunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE linn:

“Tá na feidhmiúlachtaí éasca le húsáid agus measartha anailíseach.” Heidrun, taighdeoir (AT)

“Ní féidir linn labhairt faoi chomhionannas inscne mura bhfuil na figiúirí ar eolas againn. Bainim leas as an mbunachar sonraí i mo chuid oibre”, Nataša, iriseoir (SI)

“Cé gur le fíricí a bhaineann staitisticí, bíonn siad ina n-uirlis luachmhar nuair a bhaintear úsáid astu chun comhionannas inscne a chothú agus chun saol na saoránach a fheabhsú.” Anna, staitisteoir (an Coimisiún Eorpach).

Conas is féidir tagairt a dhéanamh do Bhunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE?

Táimid an-sásta gur bhain tú úsáid as ár mbunachar sonraí le haghaidh do chuid oibre. A luaithe a d'éaspórtáil tú tábla sonraí/amharcléiriú ó Bhunachar Sonraí EIGE, déan tagairt dó ar an mbealach seo a leanas:

“Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE: Teideal an tacair shonraí [atá hipearnasctha leis an bhfoinsé bhunaidh]

Arna aisghabháil an ll/mm/bbbb”

An bhfuil fonn ort dul i dteagmháil le saineolaithe EIGE a oibríonn ar an tionscadal Bunachar Sonraí?

Téigh isteach sa spás oibre fíorúil tiomnaithe ar ardán comhairliúcháin agus comhair ar líne EIGE darb ainm EuroGender!

Déan teagmháil linn! An bhfuil sé amhlaidh go bhfuil tú ag obair ar dhoiciméad beartais, ar pháipéar acadúil nó ar alt do na meáin agus nach bhfuil tú in ann na sonraí a theastaíonn uait a aimsiú? Seol d'fhiosrú chugainn ag: EIGE.SEC@eige.europa.eu

Tá an Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne ina lárionad cuimsitheach eolais le haghaidh staitisticí agus faisnéis inscne ar ghnéithe éagsúla de chomhionannas agus neamh-chomhionannas idir mná agus fir

Go deimhin, gabhann breisluach le struchtúr crainn an Bhunachair Shonraí Staitisticí Inscne! Tá sé an-áisiúil don lucht ceaptha beartas agus do na daoine a thugann staitisticí leordhóthanacha don lucht ceaptha beartas araon.

Brabhsáil staitisticí inscne trí úsáid a bhaint as na sé phointe iontrála thíos

Cuirtear i láthair i mBunachar Sonraí EIGE rogha uathúil de bhreis agus 2 000 táscaire atá íogair ó thaobh inscne de agus ina bhfuil sonraí atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de — is foinse luachmhar é d'aon duine atá ag iarraidh comhionannas inscne a chur ar aghaidh.

1. Beartais agus straitéisí an Aontais

- Rannpháirtíocht straitéiseach do chomhionannas inscne 2016-2019 (*)

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
- An Straitéis Eoraip 2020
- Straitéis Barcelona

Foghlaim tuilleadh faoi bheartais agus straitéisí an Aontais ar ár suíomh gréasáin!



Tugtar sonraí cothrom le dáta a luaite a bhíonn siad ar fáil

Léiriú ar na tosaíochtaí polaitiúla atá ag an Aontas maidir le comhionannas inscne is ea an Bunachar Sonraí. Léirítear ann a mhéid a bhaintear comhionannas inscne amach ar fud na mBallstát den Aontas agus níos faide i gcéin. Leis an mBunachar Sonraí, tacaítear le beartais agus gníomhartha an Choimisiúin Eorpaigh i leith comhionannas inscne agus cabhraítear le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo comhionannas a bhaint amach idir mná agus fir i ngach réimse den saol.

2. Na réimsí téamacha

- Obair agus an margadh saothair
- Taighde, eolaíocht, an tsochaí dhigiteach

- Oideachas, oiliúint agus scileanna
- Déimeagrafaíocht agus imirce
- Torthúlacht agus cearta atáirgthe
- Sláinte agus mortlaíocht
- Dálaí maireachtála
- Úsáid ama
- Tuairimí an phobail

Foghlaim tuilleadh faoi na Réimsí téamacha ar ár suíomh gréasáin!



Tugtar sonraí cothrom le dáta a luaite a bhíonn siad ar fáil

I mí na Nollag 1995, d'aithin an Chomhairle Eorpach an timantas atá ag an Aontas do **Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising um Chomhionannas, Forbairt agus Síocháin** agus chuir sí in iúl go bhfuil sé beartaithe aici athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme ar bhonn bliantúil. Le Bunachar Sonraí EIGE, cabhraítear le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chumhachtú na mban i réimsí tábhachtacha a bhaineann le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising.

3. Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising

- Mná agus bochtaineacht (A)
- Oideachas agus oiliúint do mhná (B)
- Mná agus sláinte (C)
- Mná i gcumhacht agus i gcinnteoireacht (G)

- Meicníochtaí institiúideacha do chur ar aghaidh na mban (H)
- Cearta an duine do mhná (I)
- Mná agus na meáin (J)
- Mná agus an comhshaol (K)
- An leanbh mná (L)
- Foréigean in aghaidh na mban (D)
- Mná agus coinbhleacht armtha (E)
- Mná agus an geilleagar (F)

Foghlaim tuilleadh faoi Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising ar ár suíomh gréasáin!



Tugtar sonraí cothrom le dáta a luaite a bhíonn siad ar fáil

(*) In 2021, déanfaidh EIGE an pointe iontrála a nuashonrú le Straitéis AE um Chomhionannas Inscne 2020-2025 a luaite a dhéanfar creat faireacháin deiridh a fhorghnas.



Tomhaistear leis an Innéacs Comhionannais Inscne, atá á fhorbairt ag EIGE, cé chomh fada agus atá an tAontas agus a chuid Ballstát ar shiúl ó chomhionannas inscne a bhaint amach (nó cé chomh gar agus atá siad do dhéanamh amhlaidh).

I mBunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE, cuirtear na sonraí uile i láthair faoi shé **chroíréimse** (obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte) agus faoi **dhá réimse bhreise** (trasnachais agus foréigean).

Bailíonn EIGE sonraí faoi sciar na mban agus na bhfear i bpríomhphoist chinnteoireachta i réimsí difriúla beartais.

Soláthraítear sa Bhunachar Sonraí faisnéis is féidir a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo comhionannas inscne a bhaint amach i gcinnteoireacht. Bailítear sonraí ar chinnteoireacht dóibh seo a leanas:

- Na Ballstáit den Aontas
- Cúig iarrthóir ar bhallaíocht den Aontas: Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an tSeirbia agus an Tuirc
- Dhá iarrthóir ionchasacha: an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv*
- Trí thír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch – an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Sa Bhunachar Sonraí Staitisticí Inscne, tá sonraí ann ar fhoréigean inscnebhunaithe ó fhoinsí sonraí riaracháin agus ó fhoinsí sonraí suirbhé.

Leis an mbunachar sonraí, tugtar rochtain ar shonraí staitistiúla atá ann cheana ar fhoréigean inscnebhunaithe chun tacú le hinstiúidí agus le saeolaithe a fhéachann le foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac san Aontas agus níos faide i gcéin.

6. Foréigean inscnebhunaithe

- Foréigean fisiciúil
- Foréigean gnéasach

4. An tInnéacs Comhionannais Inscne

- Scóir an Innéacs Comhionannais Inscne
- Táscairí a úsáidtear chun an tInnéacs a ríomh
- Trasnachais an Innéacs
- Réimse satailíte an fhoréigin



Foghlaim tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne ar ár suíomh gréasáin!



Ón mbliain 2019 amach, bíonn sonraí á dtabhairt cothrom le dáta gach bliain

5. Mná agus fir i gcinnteoireacht

- Polaitíocht
- Riarachán poiblí
- Na breithiúna
- Gnó agus airgeadas
- Comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha
- An comhshaol agus an t-athrú aeráide
- Na meáin
- Oideachas, eolaíocht, taighde
- Spórt



Foghlaim tuilleadh faoi mhná agus fir i gcinnteoireacht ar ár suíomh gréasáin!



Tugtar sonraí ar Pholaitíocht cothrom le dáta gach ráithe. Tugtar sonraí ar Ghnó agus airgeadas cothrom le dáta dhá uair in aghaidh na bliana.

- Foréigean síceolaíoch
- Foréigean dlúthpháirtnéara
- Ciorrú ball giniúna ban
- Gáinneáil
- Dearccháil agus braistintí
- Seirbhísí tacaíochta
- Cumas staidrimh agus infhaighteacht sonraí



Foghlaim tuilleadh faoi Fhoréigean Inscnebhunaithe ar ár suíomh gréasáin!



Tugtar sonraí cothrom le dáta a luaite a bhíonn siad ar fáil

Conas is féidir cuardach a dhéanamh sa Bunachar Sonraí?

Is féidir le húsáideoirí an Bunachar Sonraí a bhrabhsáil trí úsáid a bhaint as tacar pointí réamhshainithe iontrála lena gcumhdaítear topaicí a bhaineann le hinscne nó is féidir leo sonraí a lorg trí úsáid a bhaint as cuardach eochairfhocail.

Tá an **rogha brabhsála** dírithe ar úsáideoirí atá ag iarraidh catagóir táscairí staitistiúla a iniúchadh (e.g. réimsí téamacha ginearálta nó téamaí sonracha amhail cinnteoireacht). Is rogha éasca le húsáid í freisin agus tugtar léi treoir struchtúrtha maidir leis na sonraí atá ar fáil. **Tá an struchtúr brabhsála eagraithe ina phointí iontrála.** Cuirtear na pointí iontrála agus an struchtúr crainn in oiriúint go rialta do riachtanais úsáideoirí.

Tá an **rogha cuardach eochairfhocail** ar an rogha is oiriúnaí do dhaoine atá ar lorg tacar sonraí nó réimse spéise ar leith ach nach bhfuil cinnte faoi cén áit ar féidir leo teacht air sna struchtúir réamhshainithe.

An bhfuil sonraí agatsa? Is iad seo na critéir cháilíochta

Ghlac EIGE creat measúnaithe agus dearbhaithe cáilíochta an **Chórais Staidrimh Eorpaigh** chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sonraí.

Déantar cáilíocht sonraí a mheas in aghaidh na bprionsabail meastóireachta cáilíochta a leagtar amach i **gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh**.

Conas is féidir amharcléirithe difriúla sonraí a iniúchadh?

Taispeántar sonraí staitistiúla ar thrí bhealach dhifriúla i mBunachar Sonraí Staitisticí Inscne EIGE:



Teasláráid Déine an Aontais

Taispeántar sonraí ar theasláráidí déine agus ar léaráidí siombailí

Is amharcóir idirghníomhach léaráide í **Teasláráid Déine an Aontais**. I gcás gach táscaire roghnaithe, taispeántar na tíortha i ndéine dhifriúil datha ar an léaráid; dá airde luach an táscaire is ea is ísle an déine datha a léirítear ar an léaráid.



Barrachairt cheartingearach nó chothrománach

Cuirtear sonraí do mhná agus fir i láthair ar leibhéal na tíre agus ar leibhéal an Aontais de réir bliana.

Ar **bharrachairt**, léirítear sonraí ar bharraí atá comhréireach leis na luachanna sonraí. Ar bharrachairteacha chothrománacha, is ar an ais chothrománach a léirítear na luachanna sonraí agus is ar an ais cheartingearach a léirítear na tíortha. Ar bharrachairteacha ceartingearacha, is ar an ais chothrománach a léirítear na tíortha uile atá ar fáil agus is ar an ais cheartingearach a léirítear na luachanna sonraí.



Líne-chairt

Cuirtear sonraí i gcomparáid lena chéile thar imeacht ama, agus sonraí tíortha eile nó meán an Aontais á n-úsáid

Tá **líne-chairt** ina léiriú grafach ar shonraí atá breactha ar shraith línte. Seasann gach líne do thír agus úsáidtear dath difriúil do gach ceann. Ar an mbealach sin, is féidir tíortha a chur i láthair ceann ar cheann, ina mbaisceanna nó in aghaidh mheán an Aontais. Is ar an ais chothrománach atá na blianta uile atá ar fáil agus is ar an ais cheartingearach atá na luachanna sonraí.



Tábla sonraí

Taispeántar na sonraí atá ann cheana i dtábla

Is féidir sonraí a amharcléiriú i dtábla simplí freisin. Leis an amharcléiriú tábla, cumasaítear duit na sonraí a scagadh de réir bliana, tíre agus inscne roghnaithe. Is é an tábla sonraí an t-aon amharcléiriú amháin atá ar fáil do tháscairí nach bhfuil lán-inchomparáide idir tíortha, e.g. iad sin a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe.

Conas is féidir táblaí agus graif a íoslódáil?



Easpórtáil

Is féidir gach tábla, cairt agus léaráid a easpórtáil i bhformáidí difriúla trí úsáid a bhaint as an gcnaipe easpórtála.

Is féidir leat táblaí sonraí agus amharcléirithe a easpórtáil i roinnt formáidí. Is féidir gach amharcléiriú (Teasláráid Déine an Aontais, barrachairt, líne-chairt) a easpórtáil agus a íoslódáil mar chomhaid PNG nó JPG.

Is féidir táblaí sonraí a easpórtáil agus a íoslódáil mar chomhaid **CSV, XLS, XML agus JSON**. Is féidir graif agus léaráidí a shábháil i bhformáidí **JPG, PNG agus IFRAME**.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Tugann EIGE tacaíocht don lucht ceaptha beartas agus do gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach do gach Eorpach trí shaineolas sonracha agus sonraí inchomparáide iontaoifa a sholáthar dóibh maidir le comhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2020

Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.



European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
Lithuania

Tuilleadh faisnéise:

<http://eige.europa.eu/>

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/user/eurogender

<https://www.linkedin.com/company/eige>

eige.sec@eige.europa.eu

+370 52157444

<https://eurogender.eige.europa.eu>



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh